# Is iomaí bealach le scóráil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibriochtai, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, patrúin agus gaolta, ailgéabar<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suimiú, dealú, iolrú, roinnt, fachtóirí, iolraithe, teaglamaí, córais scórála, pointí, luachanna, coibhéis, cnuasaigh, comhleanúnach, bain, caill, comhscór |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Mínigh don rang go mbaineann spóirt éagsúla úsáid as córais scórála éagsúla. Tá an córas scórála is simplí ag sacar. Is fiú a haon é cúl. Níl cineál scóir ar bith eile. Baineann haca agus haca oighir úsáid as an chóras chéanna.

Tá scóráil níos casta ag baint le spóirt eile. Mar shampla, maidir le péil Mheirceánach, tá dóigheanna ann le 1, 2, 3 agus 6 phointe a scóráil. Maidir le cruicéad buaileann tú an liathróid uair amháin le 1, 2, 3, 4, 5 nó 6 rith a fháil.

Déanann daltaí taighde ar líne ar chórais scórála eile agus cruthaíonn siad meabhairmhapa leis an méid a fuair siad amach a thaispeáint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarr ar na daltaí scóir ó chluichí CLG ar na mallaibh a fhiosrú. Oibríonn siad líon iomlán na gcúilíní amach lena fháil amach cé a bhain gach cluiche. Ceistigh iad faoin mhodh a d'úsáid siad leis na scóir a ríomh. Tabhair an bhileog acmhainne do na daltaí leis na dóigheanna éagsúla scóir a fháil i gCLG agus rugbaí a oibriú amach. Fiosraigh na féidearthachtaí éagsúla agus lig dóibh a gcuid freagraí a roinnt lena chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, fiosraíonn daltaí spóirt dhifriúla ina bhfuil córais scórála níos casta. Ó scór deiridh áirithe, molfaidh siad dóigheanna éagsúla ar féidir an scór sin a bhaint amach. Mar shampla, na dóigheanna difriúla ar féidir 100 a scóráil i gcruicéad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na dóigheanna difriúla le scóráil i gcluiche Peile Gaelaí?<br>• Cad iad na dóigheanna difriúla le scóráil i rugbaí?<br>• Cá mhéad cúilín is fiú dhá chúl san iománaíocht?<br>• Má scórálaim dhá úd agus cic slánaithe amháin i rugbaí, cá mhéad pointe atá i gceist? | • Cad iad na dóigheanna difriúla ar féidir liom x cúilín/pointe a scóráil i gCLG, rugbaí?<br>• An dtig leat riail nó foirmle a scríobh maidir leis an líon iomlán pointí a oibriú amach?<br>• Cad é mar is féidir leat córas scórála a d'fhéadfaí a úsáid thar réimse spórt a chruthú? |

## Difreáil

Roghnaigh spóirt ina bhfuil leibhéil dhifriúla chastachta de réir thuiscint na ndaltaí. Is féidir an ghníomhaíocht a shíneadh leis na pointí meánacha scóráilte thar shraith cluichí, nó thar shéasúr iomlán a ríomh. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Áis don Dalta

### Is Iomaí Bealach le Scóráil


1. Léiríonn an bosca thíos líon na bpointí ó chluiche camógaíochta. Smaoinigh ar na teaglamaí éagsúla de chúil agus de chúilíní is féidir a bheith sa dá scór.

**Líon na bPointí**

| Foireann A | Foireann B |
|---|---|
| 29 | 26 |

| Foireann A | | Foireann B | |
|---|---|---|---|
| Cúl | Cúilín | Cúl | Cúilín |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

2. Smaoinigh ar na bealaí éagsúla le pointí a scóráil sa rugbaí. Oibrigh amach cé acu scóir atá dodhéanta.




| Cúl | Cúilín | Cúl | Cúilín |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |